**Ceapachán mar Chathaoirleach ar Bhord na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)**

**Dáta Deiridh: Meánoíche ar 6 Aibreán 2015**


**Rannán na mBord Stáit**
**An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí**
**Áras na Caibidle, 26 – 30 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1**

**Uimhir Ghutháin: 353 1 858 7769**

**R-phost: info@stateboards.ie**


Feidhmíonn StateBoards.ie faoi choimirce na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus tá sé tiomanta do pholasaí na gcomhdheiseanna.

Cuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS), a bunaíodh faoi reacht sa bhliain 2004, seirbhís neamhspleách chomhroinnte um earcaíocht, measúnú agus roghnú ar fáil d'eagraíochtaí ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí. Ar 30 Meán Fómhair 2014, chinn an Rialtas go ndéanfaí PAS freagrach freisin as córas oscailte, inrochtana, dian agus trédhearcach a chur ar bun chun cuidiú le hAirí ceapacháin a dhéanamh ar Bhoird Stáit. Is é ár suíomh gréasáin ar leith, www.stateboards.ie, an bealach trína fhógraíonn PAS folúntais ar Bhoird Stáit. Is é freisin an bealach trínar féidir le daoine tréitheacha, a bhfuil taithí agus cáilíocht acu (lena n-áirítear daoine nach mbeadh aitheanta roimhe seo, b'fhéidir, mar dhaoine a bheadh ar fáil do cheapachán), iarratas a dhéanamh le bheith curtha san áireamh d'fholúntais ar leith.

1. **Aonán**: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)
2. **Suíomh Chruinnithe an Bhoird:** Tionólfar cruinnithe i mBaile Átha Cliath.
3. **Líon na bhFolúntas:** 1 (Cathaoirleach)
4. **Luach Saothair:** dada
5. **Riachtanais Ama:** Bíonn suas le 8 gcruinniú ag Bord COGG in aghaidh na bliana agus bíonn cruinnithe ag fochoistí an Bhoird idir na cruinnithe sin.

## 1. Cúlra

Bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta faoi fhorálacha Alt 31 den Acht Oideachais 1998 tar éis feachtais a chuir Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Gaelscoileanna, agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta ar bun le go mbeadh sainstruchtúr ann le freastal a dhéanamh ar riachtanais oideachais na scoileanna Gaeltachta agus na scoileanna lán-Ghaeilge. Tá feidhmeanna maidir le múineadh na Gaeilge i scoileanna eile na tíre ag an gComhairle chomh maith.

Baineann ról na Comhairle leis an mbunoideachas agus leis an iar-bhunoideachas agus tá trí mhór-réimse oibre ann:

- Soláthar acmhainní teagaisc
- Seirbhísí taca
- Taighde

Ceapadh comhaltaí Comhairle den chéad uair – tuismitheoirí, oidí agus saineolaithe eile – i mí Márta 2002. Ceapadh Príomhfheidhmeannach i 2002, Feidhmeannach Riaracháin i 2003 agus Cúntóir Taighde i 2005. Ceapadh an dara bord i 2006 agus an tríú bord i 2010.

Ráiteas Misean: Cúraimí na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a chomhlíonadh go héifeachtach, go gairmiúil agus ar ardchaighdeán ar mhaithe le forás na h-earnála Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a chur chun cinn agus ar mhaithe le múineadh na Gaeilge i scoileanna uile na tíre.

## 2. Feidhmeanna agus comhdhéanamh an Bhoird

**Feidhmeanna**: Tógfaidh an Bord na cinntí straitéiseacha suntasacha uile agus déanfaidh sé rialú iomlán agus éifeachtach ar COGG cé go ndéanfaidh sé an fhreagracht ó lá go lá as ceannasaíocht agus rialú a tharmligean, laistigh de theorainneacha údaráis sainithe, leis an mbainistíocht shinsearach mar is cuí.

I measc na nithe a fhorchoimeádtar do cheadú an Bhoird faoi láthair tá:

- An plean corparáideach a cheadú;
- Tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais;
- Polasaí cistíochta;
- Polasaí um bhainistíocht riosca fiontair;
- Nósanna imeachta ginearálta tairisceana agus ceannaigh;
- Athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach;
- Buiséad bliantúil;
- Leibhéil údaráis caiteachais tharmligthe lena n-áirítear téarmaí phríomhchonarthaí;
- Cód iompair.

**Comhdhéanamh an Bhoird**: Tá líon na gcomhaltaí ar Bhord COGG laghdaithe ó 23 go 12. Is é seo a leanas comhdhéanamh nua an Bhoird:

- Cathaoirleach – le ceapadh faoi na Treoirlínte nua ar Cheapacháin chuig Boird Stáit
- Ball de Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna
- 2 chomhalta ainmnithe ag Gaelscoileanna Teo – ní mór duine amháin díobh ar a laghad a bheith ina t(h)uismitheoir ar pháiste i mbunscoil lán-Ghaeilge (Gaelscoil) nó iar-bhunscoil lán-Ghaeilge
- 2 chomhalta ainmnithe ag Údarás na Gaeltachta – ní mór duine amháin díobh ar a laghad a bheith ina t(h)uisimitheoir ar pháiste i mbunscoil Gaeltachta aitheanta nó iar-bhunscoil Gaeltachta aitheanta
- 1 chomhalta ainmnithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
- 1 chomhalta ainmnithe ag Foras na Gaeilge
- 1 chomhalta ainmnithe ag Cumann Múinteoirí Éireann
- 1 chomhalta ainmnithe ag Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire
- 1 chomhalta ainmnithe ag Aontas Múinteoirí Éireann
- 1 chomhalta ainmnithe ag Comhairle Churaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe Thuaisceart Éireann.

## 3. Sonraí agus Riachtanais Reachtaíochta an Fholúntais

Is é an Folúntas atá ann ná do Chathaoirleach ar Bhord na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) a bunaíodh faoi Alt 31 den Acht Oideachais, 1998 http://www.irishstatutebook.ie/1998/en/act/pub/0051/print.html (http://www.achtanna.ie/ga.act.1998.0051.1.html)

Mór-ról is ea ról an Chathaoirligh agus áiríonn sé freagracht as:

- Ceannasaíocht ar Bhord COGG.
- Ceannasaíocht i mbainistíocht feidhmíochta – do COGG ar an iomlán, don Phríomhfheidhmeannach agus do Bhord COGG.
- Ceannasaíocht ar chomhall – trí shocruithe éifeachtúla iniúchta inmheánacha agus seachtracha agus comhall iomlán leis na mór-riachtanais rialaithe agus tuairiscithe uile.
- Rialú maith a chothabháil.
- Clár oibre Bhord COGG a chinneadh.
- A chinntiú go dtugann an Príomhfheidhmeannach dóthain eolais don Bhord chun tacú le cinnteoireacht.
- A chinntiú go bhfuil an Bord éifeachtúil agus rannpháirtíocht iomlán ag gach comhalta den bhord a éascú.

## 4. Sonrú an Duine

Cuirtear fáilte anois roimh léirithe spéise ó bhaill den phobal a mheasann go bhfuil na scileanna agus an taithí acu atá riachtanach le feidhmiú mar Chathaoirleach ar COGG. *Ní mór Gaeilge líofa a bheith ag an gCathaoirleach toisc go ndéanann COGG a ghnó trí Ghaeilge.*

Tá sé riachtanach go mbeidh na nithe seo a leanas as Cathaoirleach COGG:

- Taithí ar chathaoirleacht ar chruinnithe,
- Taithí ar an dea-chleachtas sa rialú corparáideach,
- Eolas suntasach a fuarthas trí thaithí san earnáil lena n-áirítear taithí ar:
  - Chóras oideachais na hÉireann,
  - Oideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht agus i scoileanna lán-Ghaeilge,
  - Theagasc na Gaeilge,
  - Fhorbairtí curaclaim reatha agus oideachas múinteoirí.
- Taithí ar phleanáil straitéiseach agus ar fhorfheidhmiú a leithéid a mhaoirsiú,
- Taithí ar chur i láthair a dhéanamh ag fóraim phoiblí agus ag ócáidí poiblí.

De bhreis ar an méid thuasluaite, tá sé inmhianaithe go mbeidh ag an gCathaoirleach:

- Eolas ar chúrsaí airgeadais a bhaineann le Bord ar nós COGG agus
- Scileanna maithe tionchair agus cumarsáide.

## 5. Téarma an Cheapacháin

Faoin Acht, mairfidh ceapacháin chuig an mBord ar feadh tréimhse tosaigh 3 bliana, agus rogha ann an téarma ceapacháin a leathnú don dara téarma 3 bliana, faoi réir na nithe seo a leanas:

- Féadfaidh an tAire tráth ar bith an chomhaltacht ag comhalta ar bith den Bhord a fhoirceannadh, ar bhonn cúiseanna le lua ag an Aire.

- Féadfaidh comhalta den Bhord éirí as bheith ina a c(h)omhalta den Bhord trí fhógra scríofa a sheoladh nó a thabhairt don Aire, agus tiocfaidh an t-éirí as i bhfeidhm ar an lá ar a bhfaigheann an tAire an fógra.

- Faoi réir fhorálacha an Sceidil seo, beidh seilbh ag Comhaltaí an Bhoird ar oifig faoi na téarmaí agus coinníollacha a fhéadfaidh an tAire, le cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a chinneadh ó am go ham.

- Stopfaidh comhalta boird de bheith ina c(h)omhalta den bhord má ainmnítear é nó í ina b(h)all de Sheanad Éireann, má thoghtar é nó í mar bhall de cheachtar de Thithe an Oireachtais nó mar ionadaí i bParlaimint na hEorpa, má thoghtar chuig Parlaimint na hEorpa é nó í, nó má dhéantar ball d’údarás áitiúil de nó di.

## 6. Conas Iarratas a Dhéanamh

Má tá suim agat sa phost seo, féach ar an gceistneoir féinmheasúnaithe atá ar fáil ar www.stateboards.ie, le do thoil. Tabhair faoi deara go bhfuil an ceistneoir ann chun cuidiú leat a mheas cé acu ba chóir duit léiriú spéise a chur isteach - ní iarrtar ort an ceistneoir a sheoladh isteach mar chuid den phróiseas iarratais.

Agus machnamh déanta acu ar na critéir ghinearálta oiriúnachta do bhallraíocht ar Bhord Stáit, ba chóir d'iarrthóirí a mheas é acu a shásaíonn nó nach sáisíonn siad na critéir ar leith atá leagtha amach sa roinn 'Sonrú an Duine' thuas.

Má mheasann tú gur mian leat go gcuirfí san áireamh tú do cheapachán, ba chóir duit iarrtas a chur isteach tríd an nasc seo a leanas www.stateboards.ie in éineacht le Curriculum Vitae mionsonraithe agus litir chumhdaigh. Chun iarratas a chur isteach, ba chóir duit na céimeanna seo a leanas a ghlacadh:

i. Téigh chuig www.stateboards.ie.
ii. Ar an mbarra ar bharr an leathanaigh cliceáil ar "Ceapacháin Infhaighte".
iii. Sroicheann tú leathanach ar a bhfuil ár bhfolúntais uile fógartha. Roghnaigh cibé post ar mhaith leat cur isteach air (tá fáilte romhat cur isteach ar níos mó ná post amháin más maith leat).
iv. Ar an leathanach cuí cliceáil ar an gcnaipe "Cuir iarratas isteach ar an bpost " ("Apply for position") ag bun an leathanaigh
v. Sroichfidh tú leathanach ar www.publicjobs.ie agus, más rud é go bhfuil cuntas publicjobs.ie agat cheana féin, iarrfar ort d'ainm úsáideora agus do phasfhocal a thabhairt. Mura bhfuil cuntas agat cheana iarrfar ort ceann a bhunú.
vi. Nuair a chuireann tú do chuid sonraí isteach sroichfidh tú leathanach ar bhfuil nod i lár an leathanaigh a deir "Cuir iarratas isteach anseo". Cliceáil ar an nasc leis an bhfoirm iarratais ar líne taobh leis.
vii. Feicfidh tú foirm ar do scáileán, agus beidh cuid de na boscaí téacs líonta le heolas ón bpróifíl atá agat ar publicjobs.ie (Ainm, seoladh srl.). Beidh ort na réimsí eile a líonadh isteach agus d'ainm agus an dáta a líonadh isteach ag deireadh na foirme. Cliceáil ar "lean ar aghaidh".
viii. Ansin sroichfidh tú scáileán ar a gcaithfidh tú do CV agus do Litir Chumhdaigh a uaslódáil. Cáipéisí riachtanacha is ea iad seo agus ní féidir d'iarratas a phróiseáil gan iad. Nuair atá siad seo roghnaithe agus uaslódáilte agat, cliceáil ar an gcnaipe "Cuir faoi bhráid" a bun an leathanaigh.
ix. Gheobhaidh tú deimhniú le r-phost (chuig an seoladh atá i do phróifíl ar publicjobs.ie) le deimhniú go bhfuil d'iarratas curtha isteach.

Ní mór duit a dheimhniú nach bhfuil aon choimhlint leasa nó bac dlí a d'fhéadfadh cur isteach ar do chumas páirt iomlán a ghlacadh ar an mBord. Ní mór duit freisin a dheimhniú gur féidir leat a bheith ar fáil le freastal ar chruinnithe agus le dualgais chomhalta an Bhoird a chur i gcrích.

## 7. Próiseas Ceapacháin

Tionólfaidh PAS Painéal Measúnaithe ("an Painéal") le machnamh agus le measúnú ar na léirithe spéise a fhaigheann PAS trí www.stateboards.ie. Déanfaidh an Painéal:

- athbhreithniú agus plé ar na léirithe spéise a fhaightear maidir leis na critéir ar leith do cheapachán do ról;
- tuilleadh measúnaithe ar cheapaithe ionchasacha, ar an gcoinníoll go sásaíonn siad na critéir ceapacháin atá sonraithe, trí cheann ar bith de na céimeanna seo a leanas, nó iad uile:
    - Machnamh ar na hiarratais scríofa; agus/nó
    - Cruinniú/glao comhdhála; agus/nó
    - Seiceálacha ar mholtóirí;
    - Modh roghnaithe ar bith eile a mheastar a bheith cuí.
- liosta a thiomsú de na daoine a mheastar a bheith oiriúnach do cheapachán a chuirfear ar aghaidh ansin le meas ag an Aire.

Má tá ceisteanna ar bith agat maidir leis an bpróiseas iarratais seol r-phost chuig info@stateboards.ie.

## 8. Achtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi Chosaint Sonraí lean an nasc.